Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 4 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**6709/22**

**LIMITE**

**CORLX 206**
**CFSP/PESC 289**
**CSDP/PSDC 102**
**CIVCOM 31**
**FIN 268**
**EUAM IRAQ 6**
**CSC 71**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869
maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh
chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic
(EUAM Iraq)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Deireadh Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1869[1], lena mbunaítear Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq).

(2) An 7 Aibreán 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/513[2], lena leasaítear sainordú EUAM Iraq agus lena ndéantar é a fhadú go dtí an 30 Aibreán 2022.

(3) Tar éis an athbhreithnithe straitéisigh ar EUAM Iraq, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go ndéanfaí sainordú EUAM Iraq a leasú agus a fhadú go dtí an 30 Aibreán 2024.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2017/1869 a leasú dá réir.

(5) Cuirfear EUAM Iraq i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2017/1869 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L 266, 17.10.2017, lch. 12).

[2] Cinneadh (CBES) 2020/513 ón gComhairle an 7 Aibreán 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L 113,8.4.2020, lch. 38).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

*'Airteagal 2*
*Cuspóirí*

Is iad seo a leanas cuspóirí straitéiseacha EUAM Iraq:

(1) comhairle straitéiseach agus saineolas a chur ar fáil d'údaráis na hIaráice i dtaca leis na gnéithe sibhialtacha den Athchóiriú Earnála Slándála, lena n-áirítear an Clár Náisiúnta Slándála, na straitéisí náisiúnta gaolmhara agus tosaíochtaí slándála náisiúnta eile;

(2) anailís agus measúnú a dhéanamh ar dheiseanna agus na deiseanna sin a shainaithint i gcomhair tuilleadh rannpháirtíochta ón Aontais ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cúigeach le riachtanais an Athchóirithe Earnála Slándála shibhialta;

(3) fara thoscaireacht an Aontais, chun tacaíocht pleanála agus cur chun feidhme an Aontais agus na mBallstát a éascú agus chun cur leis an tacaíocht sin i réimse an Athchóirithe Earnála Slándála shibhialta, lena n- áiritheofar comhleanúnachas ghníomhaíocht an Aontais.';

(2) in Airteagal 14(1), cuirtear an méid seo a leanas i ndiaidh an tríú habairt:

'Is é EUR 70 056 766,51 bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUAM Iraq a chumhdach don tréimhse ón 1 Bealtaine 2022 go dtí an 30 Aibreán 2024.';

(3) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Beidh feidhm aige go dtí an 30 Aibreán 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---